Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2023/2163(DEC)

5.2.2024

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna
(2023/2163(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Romana Tomc

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar chur chun feidhme bhuiséad AE don bhliain airgeadais 2022;

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar ghníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022;

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite na bliana 2022 ar ghníomhaíochtaí na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna;

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur dhearbhaigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (an ‘Chúirt’) go bhfuil na hidirbhearta is bun le cuntais bhliantúla na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna don bhliain airgeadais 2022 dlíthiúil agus rialta agus go bhfuil léiriú cothrom iontu ar a staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022;

2. á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an bhFondúireacht chun cuidiú le tíortha comhpháirtíochta an Aontais leas a bhaint as acmhainneacht a gcaipitil dhaonna agus feabhas a chur ar ionchais fostaíochta a saoránach trí athchóiriú a dhéanamh ar chórais oideachais, ar chórais gairmoiliúna, ar chórais scileanna agus ar chórais mhargadh an tsaothair, i gcomhthéacs bheartais an Aontais maidir le caidreamh seachtrach;

3. á chur in iúl gur geal léi go háirithe coincheap nua na Fondúireachta d’ionaid fiontraíochta barr feabhais arna bhforbairt chun cur leis an díospóireacht idirnáisiúnta sa phobal foghlama fiontraíochta, agus chun ionaid oiliúna a spreagadh le freagairt níos fearr do riachtanais athraitheacha na saoránach, na ngeilleagar agus na sochaithe;

4. á chur in iúl gur geal léi gur tháinig méadú ar bhuiséad na Fondúireachta don bhliain airgeadais 2022 go EUR 25 mhilliún (EUR 21 mhilliún in 2021)[1]; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur cuireadh 97.7 % de bhuiséid na Fondúireachta do 2022 i bhfeidhm; á thabhairt chun suntais gur gá leanúint d’acmhainní daonna agus airgeadais leormhaithe a áirithiú ionas gur féidir leis an bhFondúireacht a sainordú a chomhlíonadh agus leanúint dá clár oibre a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí a thabhairt chun críche ar ráta an-ard;

5. á chur in iúl gur geal léi gurb amhlaidh, in ainneoin na géarchéime buiséadaí a bhí ann de dheasca boilscithe agus praghsanna fóntas in 2022, a bhí an Fhondúireacht in ann a speansais a bhainistiú go héifeachtach, bearta coigilte costais a thabhairt isteach agus tosaíocht a thabhairt an athuair do nithe eile gan an bonn a bhaint óna gclár oibre;

6. ag cur béim ar thábhacht agus breisluach obair na Fondúireachta sa réimse saineolais atá

[1] Glacadh na figiúirí buiséid sin ó Thuarascáil Bhliantúil CIE ar ghníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2022 agus tá siad bunaithe ar an líon iomlán leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhí ar fáil le linn na bliana airgeadais.

aici; á aithint go bhfuil cuspóirí agus gníomhaíochtaí na Fondúireachta ailínithe go dlúth le beartais agus gníomhaíochtaí an Aontais i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, na forbartha daonna, scileanna agus na himirce; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Fhondúireacht ag leanúint de chomhar a dhéanamh le gníomhaireachtaí eile agus d'acmhainní a chomhroinnt leo, go háirithe le Cedefop agus le Eurofound, rud a fhágann gur féidir eolas a chomhroinnt ar bhealach suntasach;

7. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thuairiscigh an Chúirt go raibh laigí ann in dhá nós imeachta soláthair phoiblí, go háirithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart, i dtaca le heaspa sócmhainneachta airgeadais na dtairgeoirí arna moladh ag an bhFondúireacht; á iarraidh ar an bhFondúireacht tuilleadh feabhais a chur ar a nósanna imeachta soláthair phoiblí, agus a áirithiú ar an gcaoi sin go ndéanfar na rialacha is infheidhme a chomhlíonadh go hiomlán, chun a áirithiú go ndéanfaidh siad an luach is fearr is féidir ar airgead a bhaint amach, go háirithe trína modheolaíocht a shimpliú agus plé a dhéanamh, i dteannta sheirbhísí ábhartha an Choimisiúin, ar mhodhanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme i dtíortha comhpháirtíochta na Fondúireachta;

8. ag moladh na Fondúireachta as plean corparáideach a bhunú chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus aeráidneodracht a hoibríochtaí;

9. á mholadh, bunaithe ar na fíorais atá ar fáil, go ndeonófaí urscaoileadh do Stiúrthóir ad Interim na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Fondúireachta don bhliain airgeadais 2022.

ANNEX: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	11.1.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 36 –: 1 0: 2
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	João Albuquerque, Atidzhe Alieva-Veli, Dominique Bilde, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Jordi Cañas, David Casa, Leila Chaibi, Ilan De Basso, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cindy Franssen, Chiara Gemma, Helmut Geuking, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Radan Kanev, Ádám Kósa, Katrin Langensiepen, Elena Lizzi, Sara Matthieu, Jozef Mihál, Max Orville, Dennis Radtke, Antonio Maria Rinaldi, Mounir Satouri, Monica Semedo, Eugen Tomac, Romana Tomc, Nikolaj Villumsen, Maria Walsh
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Catherine Amalric, Romeo Franz, Lina Gálvez Muñoz, José Gusmão
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Maria Noichl, Carina Ohlsson, Vera Tax

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

36	+
ECR	Chiara Gemma
NI	Ádám Kósa
PPE	David Casa, Jarosław Duda, Cindy Franssen, Helmut Geuking, Radan Kanev, Dennis Radtke, Eugen Tomac, Romana Tomc, Maria Walsh
Renew	Atidzhe Alieva-Veli, Catherine Amalric, Jordi Cañas, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Jozef Mihál, Max Orville, Monica Semedo
S&D	João Albuquerque, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Estrella Durá Ferrandis, Lina Gálvez Muñoz, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Vera Tax
The Left	Leila Chaibi, José Gusmão, Nikolaj Villumsen
Verts/ALE	Romeo Franz, Katrin Langensiepen, Sara Matthieu, Mounir Satouri

1	-
ID	Dominique Bilde

2	0
ID	Elena Lizzi, Antonio Maria Rinaldi

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh